2025/90111

5.2.2025

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/1735, 28 Meitheamh 2024)

Ar leathanach 41, in Airteagal 23(11), an chéad abairt:

in ionad: '11. Faoin 31 Nollaig 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 42(1), pointe (c), agus Airteagal 42(8) ar an ngaol idir an t-éileamh ar acmhainneacht insteallta ó thionscadail gabhála CO_2 agus an príomhbhonneagar a theastaíonn chun CO_2 a iompar, ar thionscadail iad atá ar siúl nó atá beartaithe a bheith oibríochtúil faoi 2030 agus suim ranníocaíochtaí aonair na n-eintiteas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i ndáil leis na gníomhaíochtaí táirgthe ar chríoch Ballstáit ar leith',

léitear: '11. Faoin 31 Nollaig 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 42(1), pointe (d), agus Airteagal 42(7), ar an ngaol idir an t-éileamh ar acmhainneacht insteallta ó thionscadail gabhála CO_2 agus an príomhbhonneagar a theastaíonn chun CO_2 a iompar, ar thionscadail iad atá ar siúl nó atá beartaithe a bheith oibríochtúil faoi 2030 agus suim ranníocaíochtaí aonair na n-eintiteas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i ndáil leis na gníomhaíochtaí táirgthe ar chríoch Ballstáit ar leith'.